GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú cumarsáide maidir le leasú caighdeánach a formheas ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 31/10)

Foilsítear an chumarsáid seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1]

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

"Barbera d'Alba"

PDO-IT-A1068-AM04

Dáta na teachtaireachta: 21 Deireadh Fómhair 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

1. **Barbera d'Alba - ainmnithe amhail de thionscnamh fholimistéar Castellinaldo**

Cuimsítear sa limistéar geografach sainithe do Shonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (STFC) "Barbera d'Alba" folimistéar ar a dtugtar "Castellinando". Go traidisiúnta is eol go raibh an limistéar sin, lenar bhain tréithe uathúla, an-oiriúnach don fhíonsaothrúchán agus áiríodh é sa tsonraíocht do "Barbera d'Alba" ón tús, an oiread sin ionas gur táirgeadh fíon leis an ainm "Barbera Castellinaldo" air sa limistéar sin ó thús an 20ú haois. Sna 1990idí, tháinig na táirgeoirí le chéile chun comhlachas a bhunú d'fhonn rialacha níos sriantaí ná iad siúd a bhfuil feidhm acu maidir leis na fíonta arna gcumhdach ag STFC a chur ar bun. Sainíodh folimistéar Castellinaldo go sainráite. Cuimsítear ann bardas Castellinaldo d'Alba agus cuid de bhardas Vezza d'Alba, Canale, Priocca, Magliano Alfieri, Castagnito agus Guarene i gcúige Cuneo. Tá na rialacha maidir le folimistéar Castellinaldo leagtha amach ag deireadh na sonraíochta do "Barbera d'Alba", agus tá sé i gceist ag coinníollacha níos sriantaí aird a tharraingt ar a shaintréithe uathúla. Níl an ithir chomh gainmheach agus tá an talamh níos cosúla leis an talamh atá suite ar an taobh ó dheas d'Abhainn Tanaro. Maidir le rilíf, tá na cnoic i bhfad níos réidhe ná mar atá sa chuid eile den limistéar a chumhdaítear faoin STFC. Níl an ithir chomh gainmheach céanna ach déanann an chré atá ann cúiteamh air sin (Marne di Sant'Agata, ciseal iontaisí, Tortónach Uachtarach). Is éard atá san fholimistéar, timpeall 20 % den limistéar atá incháilithe don STFC "Barbera d'Alba", achar atá comhionann le limistéar féideartha 207 heicteár, limistéar óna bhféadfaí timpeall 1 837 000 buidéal a tháirgeadh.

Baineann na leasuithe le hAirteagail 1 agus 9 den tsonraíocht ghinearálta don STFC (na rialacha maidir le folimistéar Castellinaldo agus an roinn ar an nasc, faoi seach), chomh maith leis na ranna seo a leanas: 4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta; 5. Cleachtais fíonóireachta; 5.1 Cleachtais fíoneolaíochta shonracha agus 5.2 Uastáirgeachtaí; 6. Limistéar táirgeachta fíonchaor; 8. Nasc leis an timpeallacht.

2. **Limistéar táirgeachta fíonchaor**

— Chun feabhas a chur ar an tsoiléireacht, athraíodh an fhoclaíocht ar an tuairisc i sonraíocht an limistéir táirgeachta le haghaidh fhíonchaora STFC Barbera d'Alba chun tuilleadh sonraí a áireamh. Rinneadh sin toisc gur róghinearálta í an tuairisc atá ann cheana. Is leasú cléireachais é seo nach bhfuil aon athrú ar chríochú an limistéir gheografaigh i gceist leis.

— Tugtar tuairisc freisin ar theorainneacha an fholimistéir táirgeachta fíonchaor Castellinaldo laistigh de STFC an limistéir "Barbera d'Alba".

[1] IO L 9, 11.1.2001, lch. 2.

Baineann na leasuithe le Roinn 4 den doiciméad aonair (Limistéar geografach críochaithe).

3. **Tuairisc ar an nasc**

— Leathnaíodh an chuid ar an nasc chun faisnéis faoi fholimistéar Castellinaldo a áireamh.

— Tá an tuairisc leathnaithe ar an nasc in Airteagal 9 (Nasc leis an gcomhshaol) den tsonraíocht curtha san áireamh freisin i Roinn 8 (Tuairisc ar an nasc) den doiciméad aonair.

4. **Táirgeacht uasta**

Cuireadh leis táirgeacht uasta fíonchaor in aghaidh an heicteáir d'fholimistéir Castellinaldo. Tá siad sin níos sriantaí ná iad siúd a bhfuil feidhm leo maidir leis na fíonta atá faoi chumhdach an doiciméid ghinearálta. Baineann an leasú sin le Roinn 5 den doiciméad aonair (Cleachtais fíonóireachta; 5.2 Táirgeacht uasta).

5. Leasuithe cléireachais

— Cuireadh tagairtí do na sonraí teagmhála leis an gcuid um Fhaisnéis Eile den doiciméad aonair (pointí 2.1; 2.2 agus 2.5).

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Barbera d'Alba

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta:**

1. *Barbera d'Alba, Barbera d'Alba Superiore, Barbera d'Alba Vigna (Catagóir: Fíon)*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín; Boladh: torthaíoch agus sainiúil; Blas: tirim, an-bhlasta, comhchuí; Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12.00 % go 12.50 %; Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23.0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadair anailíseacha nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir % toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4.5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair uasta iomlán (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Tá Barbera d'Alba ainmnithe amhail de thionscnamh fholimistéar Castellinaldo agus ar a bhfuil an tásc "Vigna" (Catagóir: Fíon)*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois; Boladh: torthaíoch agus sainiúil; Blas: tirim, an-bhlasta, comhchuí, dea-struchtúrtha; Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12.50 %; Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 25.0 g/l;

Comhlíonann aon pharaiméadair anailíseacha nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir % toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	5.0 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair uasta iomlán (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

1. Tréimhse aosaithe d'fhíonta STFC "Barbera d'Alba" atá ainmnithe amhail de thionscnamh fholimistéar Castellinaldo

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Chun cáiliú don doiciméad "Barbera d'Alba" le hainmniú amhail de thionscnamh fholimistéar Castellinaldo, ní mór don fhíon dul faoi thréimhse aosaithe 14 mhí, agus caithfear 6 mhí ar a laghad de sin a bheith caite i bairillí adhmaid agus 3 mhí sa bhuidéal, ag comhaireamh ón 1 Samhain, sa bhliain ina mbaintear na fíonchaora.

Táirgeacht uasta:

1. Barbera d'Alba, Barbera d'Alba Superiore

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Barbera d'Alba atá ainmnithe amhail de thionscnamh fholimistéar Castellinaldo

9 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Folimistéar Barbera d'Alba agus Barbera d'Alba Castellinaldo ar a bhfuil an tásc "vigna"

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór na fíonchaora atá beartaithe chun fíon a tháirgeadh leis an ainmniú amhail de thionscnamh "Barbera d'Alba" a fhás sa limistéar tionscnaimh, ina gcuimsítear na bardais iomlána a leanas:

Alba, Albaretto della Torre, Barbaresco, Barolo, Borgomale, Camo, Canale, Castagnito, Castellinaldo, Castiglione Falletto, Castiglione Tinella, Castino, Corneliano d'Alba, Cossano Belbo, Diano d'Alba, Govone, Grinzane Cavour, Guarene, Magliano Alfieri, Mango, Monforte d'Alba, Montelupo Albese, Monticello d'Alba, Neive, Neviglie, Novello, Perletto, Piobesi d'Alba, Priocca, Rocchetta Belbo, Roddi, Roddino, Rodello, S. Vittoria d'Alba, S. Stefano Belbo, Serralunga d'Alba, Sinio, Treiso, Trezzo Tinella, Verduno, Vezza d'Alba; agus cuid de chríoch bhardais Baldissero d'Alba, Bra, Cortemilia, Cherasco, La Morra, Monchiero, Montà d'Alba, Montaldo Roero, Monteu Roero, Narzole, Pocapaglia, S. Stefano Roero agus Sommariva Perno, i gcúige Cuneo.

— Ní mór fíonchaora a bheartaítear chun fíonta Barbera d'Alba a tháirgeadh a ainmnítear amhail de thionscnamh fholimistéar Castellinaldo a tháirgeadh laistigh de chríocha bhardas Castellinaldo d'Alba nó i gcuid de bhardais Vezza d'Alba, Canale, Priocca, Magliano Alfieri, Castagnito agus Guarene, i gcúige Cuneo.

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

Barbera N.

Nebbiolo N.

8. **Tuairisc ar an nasc, ar na naisc**

Nasc leis an timpeallacht

A) Is de thionscnamh "Langhe"(a chiallaíonn cnoic fhada, ísle), iad fíonta Barbera d'Alba, téarma a mhaíonn saineolaithe áirithe a dhíorthaítear ó "langues", i.e. stiallacha talún a chruthaíonn comhrianta beoga a athraíonn le himeacht na séasúr. Ó thaobh na geolaíochta de, rianaíonn na cnoic fhada ísle sin a mbunús siar go dtí an ré Threasach nó an ré Chaenasóch, a thosaigh beagnach 70 milliún bliain ó shin. Tá marla bán tufúil ina shaintréith ar an limistéar táirgeachta de chnoic arda atá suite os cionn Abhainn Tanaro. Baineann an chuid is mó den talamh sa chríoch leis an bhfoirmíocht gheolaíoch ar a dtugtar an "terreno tortoniano" [ithir Thortónach], ceann de na 14 shraith ina gcuimsítear ithir dhríodair abhantrach threasach Phíodmant. De ghnáth is iad sraitheanna de ghaineamh agus marla a bhíonn in ithir Thortónach. Níl an marla gormliath an-soladach agus mar thoradh air sin is cnoic rollta measartha íseal de lí bhán iad atá an-oiriúnach d'fhíonsaothrúchán. Is sampla den scoth é an éagsúlacht fíniúna Barbera ar cé chomh hoiriúnach agus atá ceantair Langa agus Roero le haghaidh fíonsaothrúcháin: sármhaith le haghaidh aosaithe, agus ag an am céanna, tá fíonta óga iontacha ann freisin. Déantar é a fhás go príomha ar na fánaí thiar theas, ag úsáid oiliúna ar fhíniúin ar laitís agus teicnící prúnála Guyot.

B) Sonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go heisiach i leith na timpeallachta geografaí

Déantar fíon Chatagóir I "Barbera d'Alba" trí úsáid a bhaint as an gcineál Barbera amháin. I roinnt cásanna, áfach, cuireadh méid beag fíonchaor Nebbiolo leis go traidisiúnta chun an aigéadacht atá tipiciúil don chineál fíniúna a chúiteamh.

C) Tuairisc ar an nasc cúisíoch idir na gnéithe dá dtagraítear in (A) agus (B). Ba ghnách a mheas gurbh fhíon "tuaithe" é fíon Barbera ach le himeacht aimsire tá méadú tagtha ar mheas an phobail air, toisc gur cruthaíodh gurb é atá mar thoradh ar phróisis chuí fíonóireachta fíonta den scoth atá réidh le hól agus fíonta dea-struchtúrtha a bhfuil saolré meánach acu a thagann chun cineáil go maith agus a chaomhnaíonn, tar éis na mblianta fada, na tréithe is uathúla atá ag an gcineál agus ag an gcríoch fíniúna gradamach seo. Ritheann folimistéar Castellinaldo feadh bhruach clé Abhainn Tanaro, áit a bhfuil uigeacht níos scaoilte ag an talamh agus áit a bhfuil an chuid ghainmheach níos airde ná mar atá sna bardais eile ina dtáirgtear "Barbera d'Alba". Leis an ngné sin rinneadh difreáil i gcónaí ar na fíonta a tháirgtear sa cheantar sin, sa mhéid gur tháinig an teaglaim "Barbera d'Alba" - "Castellinaldo" chun cinn go mór de réir a chéile. Sainaithníodh an fíon cheana féin i roinnt foilseachán, lena n-áirítear roinnt foilseacháin thábhachtacha, mar shampla Monagraf Fantini ag deireadh an 19ú haois. Tháinig táirgeoirí i bhfolimistéar Castellinaldo le chéile chun comhlachas a bhunú ag deireadh na 1990idí, d'fhonn rialacha níos sriantaí a ghlacadh ná na rialacha a bhaineann le fíonta "Barbera d'Alba".

9. **Dálaí breise riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

—

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/17437